# AN tSLÍ IS ÉASCA LE CEAD CAINTE A BHEITH AGAT

**An bhfuil fonn ort vótáil?** Ní mór duit clárú chun é sin a dhéanamh.
**Seoladh athraithe?** Ní mór duit do chlárú a nuashonrú.
Anois is féidir le formhór na ndaoine clárú ar líne!
Cláraigh leis an gclár nó nuashonraigh do shonraí ar

**checktheregister.ie**

Mura féidir leat an fhaisnéis seo a rochtain ar líne, le do thoil seol ríomhphost chuig **registerofelectors@meathcoco.ie** cuir glaoch ar **046 9097000** nó tabhair cuairt ar:

**Comhairle Chontae na Mí,**
Teach Buvinda, Bóthar Átha Cliath, An Uaimh, Contae na Mí C15 Y291



**Tá foirmeacha cruachóipe ar fáil freisin i:**
Leabharlanna Áitiúla
Stáisiúin na nGardaí
Oifigí Poist

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Tá an próiseas clárúcháin athraithe. Cad atá difriúil?

- **Is féidir clárú le vótáil ar líne anois don chéad uair ag www.checktheregister.ie**
  Éascaíonn úsáid UPSP seiceáil aitheantais a chiallaíonn nach mbeidh ar fhormhór na ndaoine cuairt a thabhairt ar stáisiún na nGardaí anois chun foirmeacha a bheith fianaithe.
- **Beidh daoine 16 agus 17 mbliana d’aois in ann réamhchlárú chun vótáil**
  Ligeann tabhairt isteach liosta toghthóirí atá ar feitheamh dóibh siúd atá 16 agus 17 mbliana d’aois réamhchlárú agus a bheith cláraithe go huathoibríoch nuair a shroicheann siad 18 mbliana d’aois.
- **Ní mór duit a bheith i do chónaí go lánaimseartha sa Stát le bheith i dteideal vótáil**
  Cuirfimid ceist ort maidir le do náisiúntacht i d’iarratas mar d’fhéadfadh sé seo cur isteach ar na toghcháin ar féidir leat vótáil iontu.

| | |
|---|---|
| **Saoránach Éireannach** | Tá tú i dteideal vótáil i ngach toghchán agus reifreann |
| **Saoránach AE** | Tá tú i dteideal vótáil i dtoghcháin Eorpacha agus áitiúla |
| **Saoránach Briotanach** | Tá tú i dteideal vótáil i dtoghcháin Dála agus i dtoghcháin áitiúla |
| **Eile** | Tá tú i dteideal vótáil i dtoghcháin áitiúla |

## Ar mhaith leat clárú le vótáil?

**Cuir iarratas isteach ag www.checktheregister.ie Roghnaigh é seo:**

- Má tá do UPSP agus Eircode ar fáil agat
- Má tá tú 18 mbliana d’aois nó níos sine agus i do chónaí in Éirinn
- Má tá tú 16 bhliain nó 17 mbliana d'aois agus ag iarraidh réamhchlárú

## Éilíonn roinnt cásanna foirm

**Roghnaigh www.checktheregister.ie/en-IE/forms Roghnaigh é seo:**

- Mura bhfuil UPSP agat
- Más mian leat do shaoránacht a nuashonrú
- Más mian leat iarratas a dhéanamh ar vóta speisialta nó poist
- Más mian leat iarratas tríú páirtí a dhéanamh ar athrú ar an gclár

## Cláraithe cheana féin ach an gá duit sonraí a nuashonrú?

**Roghnaigh www.checktheregister.ie/en-IE/search Roghnaigh é seo:**

- Má tá do UPSP agus Éirchód agat
- Is gá do shonraí a dhearbhú
- Is gá do sheoladh a nuashonrú